


Nóta Faisnéise:

Treochtaí Sáruithe Sonraí ón Chéad Bhliain den Rialachán Ginearálta



Réamhtra

Is é aidhm an nóta faisnéise seo achoimre a thabhairt ar na treochtaí a thug an Coimisiún um Chosaint Sonraí faoi deara le linn an chéad bhliain den réisim a thug an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (an Rialachán Ginearálta) isteach, ina bhfuil riachtanas éigeantach tuairisciú a dhéanamh ar sháruithe. Gabhann na staitisticí agus na treochtaí a phléitear thíos gach tuairisc sáráithe sonraí a fuarthas le linn an chéad bhliain ón 25 Bealtaine 2018 agus ba é 5,818 an líon iomlán fógraí sáráithe a fuair an Coimisiún le linn na tréimhse sin. Sna fógraí sáráithe a fuair an Coimisiún, rinneadh timpeall ar 4% dóibh a rangú mar 'neamhshárú' agus áiríodh nár chomhlíon said an sainmhíniú ar shárú ar shonraí pearsanta de réir Airteagal 4(12) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Ó tháinig an réisim nua tuairiscithe sáráithe isteach, thug Aonad Measúnaithe Sáráithe an Choimisiúin faoi anailís ar thuairiscithe sáráithe a fuarthas ó réimsí sna hearnálacha poiblí agus príobháideach, ina n-áirítear iad siúd ón: earnáil airgeadais; earnáil árachais; tionscal teileachumarsáide; tionscal sláinte; agus ó ghníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí.

Is iad roinnt de na treochtaí agus ceisteanna a aithníodh trí na hathbhreithnithe seo a dhéanamh agus trí na tuairiscí a phróiseáil ná: tuairiscí déanacha; deacracht le measúnaithe a dhéanamh ar ghrádaithe riosca; loiceadh sárú a chur in iúl d'ábhair sonraí; tuairiscithe leantacha ar sháruithe; agus tuairisciú easnamhach.


Ceann de na ceisteanna shuntasacha a aithin an Coimisiún ná, sna fógraí sáráithe a fuarthas sa chéad bhliain ón 25 Bealtaine 2018, theip ar 13% dóibh an riachtanas chun fógra a thabhairt don Choimisiún 'gan rómhoill' (de ghnáth laistigh de 72 uair) a shású, de réir fórála Airteagail 33(1) den Rialachán Ginearálta.

D'ullmhaigh an Coimisiún treoirnóta praiticiúil ar leith bunaithe ar na ceisteanna a aithníodh san anailís seo ar threochtaí agus staitisticí.

Bunstaitisticí


Cairt 1.1: Líon na sárúithe sonraí a thuairiscíodh, sa mhí.....	2
Cairt 1.2: Líon na sárúithe sonraí a thuairiscíodh, de réir reachtaíochta	2
Cairt 1.3: Céatadán na sárúithe sonraí, de réir cineáil.....	3
Cairt 1.5: Céatadán na sárúithe sonraí, de réir toraidh an tsáráithe	5
Cairt 1.6: Céatadán na sárúithe sonraí a thuairiscíodh, de réir earnála (Poiblí/Príobháideach)	6

Cairt 1.1: Líon na sáruihte sonraí a thuairiscíodh, sa mhí





Ba é 5,818 an líon iomlán sáruihte sonraí a thuairiscíodh sa chéad bhliain ón 25 Bealtaine 2018.


Cairt 1.2: Líon na sáruihte sonraí a thuariscíodh, de réir reachtaíochta




Cairt 1.3: Céatadán na sáruihte sonraí, de réir cineál




Nochtadh neamhúdaraíthe: Ríomhphost/SMS chuig faigheoir mícheart; Litir/Comhfhreagras chuig faigheoir mícheart; nochtadh trí thairseach custaiméara ar line, earráid próiseála; nochtadh ó bhéal




Cibear-eachtra: Haiceáil; Fioscaireacht; Bogearraí mailíseacha; Bogearraí éirice; Leochaileacht Bogearraí



Feiste Cailte nó Goidte: Fón Póca; Ríomhaire Glúine, Feosté Stórála Iniompartha



Cairt 1.5: Céatadán na sárúithe sonraí, de réir toraidh an tsárúithe



Sna fógraí sárúithe a fuair an Coimisiún, rinneadh timpeall ar 4% dóibh a rangú mar ‘neamhshárú’ agus níor chomhlíon siad an sainmhíniú ar shárú ar shonraí pearsanta de réir Airteagal 4(12)

Cairt 1.6: Céatadán na sáruihe sonraí a thuairiscíodh, de réir earnála (Poiblí/Príobháideach)

